Glór Cheatharlach

Páistí gnóthach i Naíonra Cheatharlach

Naíonra Cheatharlach

AG druidim le deireadh scoilbliana eile ag gach leibhéal den oideachas ó réamhscolaíocht go bunscolaíocht, iarbhunscolaíocht go tríú leibhéal ní foláir tosnú ag réiteach gan mhoill don chéad scoilbhliain eile. Sin mar atá ag Naíonra Cheatharlach agus clárú faoi lán seoil do Mhí Mheán Fómhair. Tá an naíonra i mbaile Cheatharlach lonnaithe i nGráig Chuilinn agus tá roinnt áiteanna fágtha ann don téarma nua.

Soláthraíonn Naíonra Cheatharlach an bhliain réamhscoile saor in aisce faoin Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige nó ECCE. De réir na scéime áirithe seo cuirtear bliain réamhoideachais ar fáil saor do gach páiste sar a fhreastalaíonn sé/sí ar an mbunscoil. Faoi stiúir na stiúrthóirí cáilithe sa naíonra foghlaimíonn an páiste an Ghaeilge go nádúrtha i dtimpeallacht chairdiúil. Tugann sé seo deis don pháiste an dara teanga a shealbhú trí mhódh an tsúgartha agus is é seo an cur chuige is oiriúnaí mar mhódh foghlama do pháistí óga. Is buntáiste iontach é seo don pháiste roimh dhul ar aghaidh chuig bunscoil ar bith gan trácht ar bhunscoil trí mheán na Gaeilge. Tá sé cruthaithe go mbíonn éifeacht dhearfach ar chumas foghlamtha páiste má bhíonn an dara teanga aige nó aici ag aois an-óg. Chomh maith leis an nGaeilge bíonn gach deis curtha ar fáil ag foireann an naíonra chun forbairt iomlán an pháiste idir fhorbairt fhisiciúil, intleachtúil,chruthai theach, aeisteitiúil, shóisialta, mhothúchánach agus teanga a chur i gcrích.

Bunaíodh Naíonra Cheatharlach chomh fada siar le 1980 faoi threoir an Chomhchoiste Réamhscolaíochta agus thar breis is tríocha bliain tá na céadta páiste tar éis a gcéad bhlaiseadh den Ghaeilge a fháil i dtimpeallacht dearfach agus spraíúil na naíonraí.

Más mian leat blas den Naíonra a thabhairt do pháiste is féidir leo páirt a ghlacadh i gCampa na nÓg 2013 a bheidh á reachtáil sa Naíonra i Mí Iúil. Beidh Campaí na nÓg ar siúl i Naíonra Ghráig Chuilinn ón 8-19ú Iúil i mbliana agus is féidir clárú do cheachtar den dá sheachtain. Eagrófar meascán d'imeachtaí oiriúnach do pháistí idir 4-6 bliana d'aois ó 10.00r.n.-1.00i.n. agus beidh obair ealaíne agus ceardaíochta, cluichí agus turasanna áitiúla ina measc. Tá costas €40 in aghaidh na seachtaine ar an gcampa seo.

Beidh seirbhís nua ar fáil i Naíonra Cheatharlach ó Mhí Mheán Fhómhair 2013 do pháistí idir dhá bhliain agus 11 mí go trí bliana d'aois (iadsan nách bhfuil ag déanamh an bhliain ECCE). Beidh seisiún tráthnóna ar fáil i Naíonra Gráigchuilinn ar tráthnóna an Mháirt, Chéadaoin agus Déardaoin ó 1.00-3.30i.n. ar chostas €9 an tseisiúin. Is deis iontach í seo chun blas an Naíonra a thabhairt do pháistí níos óige agus is féidir suim a léiriú trí theagmháil a dhéanamh le Lorraine nó Madeline.

Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun áit a chur in áirithe is féidir dul i dteagmháil le Lorraine i Naíonra Ghráig Chuilinn ar 085 7377041 nó le Glór Cheatharlach ar 059 9158105.

GLUAIS:	GLOSSARY:
Ag Réiteach	Preparing
Clárú	Registration
Lonnaithe	Based
Soláthraíonn	Provides
Réamhscoile	Preschool
Saor	Free
Buntáiste	Advantage
Forbairt	Development

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Cursaí EPV ar líne do Mhúinteoirí Bhunscoile

TÁ rogha leathan cursaí EPV á chur ar fáil ar líne an samhradh seo ag an gcomhlacht Gaelchultúr ar an suíomh www.ranganna.com. Beidh na cursaí seo ag tosnú beó ar líne ón chéad lá d'Iúil agus ag críochnú suas ar an 23 Lúnasa.

I measc na cursaí atá á chur ar fáil i mbliana tá: Conas an Ghaeilge a Mhúineadh go hÉifeachtach sa Seomra Ranga 2013, Bunchúrsa, Meánchúrsa agus Ardchúrsa Cruinnis do Mhúinteoirí Bunscoile, Gaeilge Phraicticiúil do Mhúinteoirí Bunscoile (Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha, Rang 1 & 2, Rang 3&4 agus Rang 5 & 6) agus Áiseanna Teicneolaíochta Gaeilge don Seomra Ranga.

Is cursaí dátheangach iad na cursaí uile agus bíonn aistriúchán Béarla ar fáil do gach abairt Gaeilge.

Faigheann rannpháirtithe teastas agus taifead ar a bhforbairt lastigh de cúpla lá tar éis an cúrsa a chríochnú agus is féidir le múinteoirí saoire phearsanta bhreise a fháil i rith na scoilbliana mar gheall ar cúrsa a dhéanamh. Tá réamhrá ar gach cúrsa ar fáil ar www.ranganna .com chomh maith le hábhair an chúrsa, treoir agus freagraí ar cheisteanna coitianta. Is féidir leat triail as bhaint as na cursaí saor in aisce roimh rogha a dhéanamh!

Tá costas €75 ar gach cúrsa agus tógann gach ceann thart ar 20 uair a chloig le críochnú. Má tá ceist ar bith eile agat, seol ríomhphost chuig eolas@ranganna.com, nó glaoigh ar (1890) 252 900 nó ar (01) 484 5220. Tá gach eolas agus clarú ar fáil anois ar www.ranganna.com

GLUAIS:	GLOSSARY:
Éifeachtach	Effective
Aistriúchán	Translation
Teastas	Certificate
Rannpháirtithe	Participants
Coitianta	Common

SPRAOI ag Tuistí agus Leanaí don Samhradh

TIOCFAIDH SPRAOI, an grúpa dátheangach Tuistí/Leanaí, le chéile arís an Satharn seo chugainn, 25 Bealtaine ag 11 a chlog ar maidin. Bunaíodh SPRAOI an samhradh seo caite agus tagann an grúpa le chéile gach dara Dé Sathairn in Ionad Phobal Darach Úr.

Bíonn tae agus caife do na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bhíonn na páistí ag spraoi. Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh éinne go bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spraíúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge ach díreach suim agus sásta triail a bhaint aisti!

Spraoi ag tuistí agus leanaí

Costas €3 an chlann a bhíonn le n-íoc agus bíonn tae/caifé/ brioscaí chomh maith le sú do na páistí san áireamh sa chostas sin. Eagraithe i gcomhar le Comhluadar Teo tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5 bliana d'aois. Tiocfaidh an grúpa le chéile ar an 25ú Bealtaine, 8ú & 22ú Meitheamh agus an 6ú agus 20ú Iúil. Tá gach eolas ar fáil ó Emma i nGlór Cheatharlach ar (085) 1340047. Bígí linn agus beidh fáilte roimh cách!

GLUAIS:	GLOSSARY:
tuistí/leanaí	parents/toddlers
dátheangach	bilingual
líofa	fluent
san áireamh	included
eagraithe	organised
oiriúnach	suitable
go háirithe	especially

Dublin pastoral worker to speak at novena

THE speaker at the novena in Graiguecullen on Monday 27 May is Margaret Drew, pastoral worker, Rathfarnham parish, Dublin.

CRETTYARD

Contact: **ALICE DOWLING, phone 056 4442235**

ST BRIGID'S HANDBALL CLUB
The one wall and 60 x 30 season is now underway and the club is entering a team of four in the 60 x 30 Leinster Junior B club championships.
Thanks to the Clogh club for allowing our players to use their facilities for training.
The club has Piltown GAA draw tickets available from any committee member for €50 for the five draws.
Draw dates: 11 June, 2 July, 16 July, 30 July and 13 August. There are 30 prizes, with the first prize a car in each draw.
Thanks to everyone for purchasing tickets so far, the response has been great.
Tickets are still available from any committee member or contact club secretary Patsy Dowling on 086 3684812.
Club midweek lotto bonus ball on Wednesday 8 May was number 6; winner, John Behan.
Thanks for your support. Tickets, €2, are available from John Behan, Mike Murphy or from any committee member.

CRETTYARD AFC
Golden goal week 19 winner Shannon Murphy; bonus ball week nine winner Rita Brennan.

SET DANCING
Classes continue in Behan's of Tolerton on Wednesdays at 8.30pm.

ROSARY
The Rosary is recited at Our Lady's shrine, Rossmore every Sunday at 3pm.

CRETTYARD GAA
Last week's winners in the Crettyard GAA fundraiser were Bridget O'Neill, 154 Crettyard; Marguerite Delaney, Newtown Cross; Patricia Delaney, Hollypark; and Ita Jones, Doonane. The winning numbers were 12, 19, 23 and 26.

WHIST
Top score at Newtown whist recently was won by Michael O'Brien; 1st lady Gretta McNulty; 2nd lady Ena Wallace; 1st gent M Brennan; 2nd gent E Coffey; 1st half Mary Quigley; 2nd half Willie Farrell; 1st quarter Mary Warren; 2nd quarter Kathleen Mooney. Raffle winners: Mick Mooney, Mick Kelly, Margaret Kealy, Eamon Owens and Willie Farrell. Whist continues as usual on Saturday.